Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022
(OR. fr, en)

9444/22

LIMITE

UK 89
CODEC 770

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0068(COD)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 9244 2022 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 89 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Aontais i ndáil le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile<br>- Orientation générale |

1. An 11 Márta 2022, thíolaic an Coimisiún dhá thogra ghaolmhara: sa chéad chás, togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Aontais i ndáil le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (dá ngairtear feasta an 'Rialachán maidir le bearta uathrialacha (CFAE)'), atá in 7158/22; sa dara cás, togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Chomhphobail i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus

Comhair, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (dá ngairtear feasta an 'Rialachán maidir le Bearta Uathrialacha (EURATOM)'), atá in ST 7159/22.

PUBLIC

2. Is é is aidhm do na rialacháin sin rialacha sonracha a leagan síos do bhearta aontaobhacha a bhfuil sé de cheart ag an Aontas a dhéanamh i gcás nach gcuirtear chun feidhme na hoibleagáidí arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair nó i gcás neamhréireachtaí idir na caighdeáin i dtaca le táirgí a chuirtear ar an margadh sa Ríocht Aontaithe agus an leibhéal cosanta a bhí ann tráth a tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach. Tá na cásanna ina mbeadh bonn cirt le bearta aontaobhacha liostaithe sa Chomhaontú Trádála agus Comhair agus sa Chomhaontú um Tharraingt Siar agus léirítear iad in Airteagal 1(2) den Rialachán maidir le bearta uathrialacha (CFAE) atá beartaithe.

3. Ní bhaineann an cur chuige ginearálta seo ón gComhairle ach leis an rialachán maidir le bearta uathrialacha (CFAE) atá beartaithe, a ghlacfar faoin nós imeachta comhchinnteoireachta. Glacfar an Rialachán ón gComhairle maidir le bearta uathrialacha (EURATOM) níos déanaí, mar aon leis an Rialachán thuasluaite, ach a dtiocfar ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa.

4. Tiocfaidh an Rialachán maidir le bearta uathrialacha (CFAE) in ionad an chreata arna bhunú le hAirteagal 3 de Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair[1] chun bearta a ghlacadh lena n-áiritheofar comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Chomhaontú Trádála agus Comhair.

5. Ag an gcruinniú a bhí aici an 24 Bealtaine, scrúdaigh an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe togra comhréitigh ón Uachtaránacht agus, ag an gcruinniú a bhí aici an 3 Meitheamh, tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an Rialacháin atá in ST 9244/22 REV1. Is de thrí chineál éagsúla na hathruithe a rinneadh:

- Rinneadh athruithe teicniúla agus dlíthiúla a bhaineann leis na bunúis dlí agus leis an raon feidhme. Tugadh shonrach isteach maidir leis an rochtain atá ag soithí iascaireachta ar uiscí a chur ar fionraí chun sainchumais na Comhairle faoi Airteagal 43(3) CFAE a chaomhnú.

---

[1] CINNEADH (AE) 2021/689 ÓN gCOMHAIRLE an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint, IO L 149, 30.4.2021, lch. 1.

- Neartaíodh ról na Comhairle trí na ceanglais maidir le tuairisciú ar an gCoimisiún a chur isteach in dhá aithris agus i ráiteas comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón gComhairle.

- Maolaíodh na coinníollacha faoina bhféadfaidh an Coimisiún bearta uathrialacha (CFAE) a ghlacadh trí phointí (a) go (e) d'Airteagal 2(2) a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ach ag na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú Trádála agus Comhair agus sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Maidir le critéir bhreise, amhail éifeachtacht, costais nó tionchar na mbeart ar ghnóthais iartheachtacha a d'fhéadfadh bac a chur ar chumas an Aontais bearta uathrialacha a ghlacadh, baineadh amach iad. Chun na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag bearta aontaobhacha ar dhaoine aonair agus ar ghnóthais iartheachtacha a chur san áireamh, cuimsíodh comhréireacht na mbeart mar chritéir go sainráite. Is é is cuspóir do na leasuithe sin uirlis inchreidte chumhachtach a chur ar fáil don Choimisiún a bhainfidh amach cothromaíocht idir an leas a bhaineann lena áirithiú go héifeachtach go gcomhlíonfaidh an Ríocht Aontaithe na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú Trádála agus Comhair agus as an gComhaontú um Tharraingt Siar, agus leasanna na daoine aonair agus na ngnólachtaí san Aontas a bhféadfadh na bearta sin difear a dhéanamh dóibh.

6. Chun cás sonrach Ghiobráltar a chur san áireamh, cuireadh isteach tagairt d'Airteagal 774(3) den Comhaontú Trádála agus Comhair. Meabhraítear nach bhfuil feidhm ag an gComhaontú Trádála agus Comhair i gcríoch Ghiobráltar agus nach bhfuil aon éifeachtaí aige ansin. Dá dtabharfaí Conradh maidir le Giobráltar i gcrích nuair a thiocfar ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir leis an Rialachán seo maidir le bearta uathrialacha (CFAE), d'fhéadfaí an Rialachán a oiriúnú go hiomchuí.

7. Ailíneofar an Rialachán maidir le bearta uathrialacha (EURATOM) freisin le téacs deiridh an Rialacháin seo (CFAE).

8. Sa chomhthéacs sin, moltar, dá bhrí sin, go ndéanfaidh Coiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas:

   - na téacsanna, mar a leagtar amach iad in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nóta seo a scrúdú agus a fhormheas,

   - a mholadh don Chomhairle, ag Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 21 Meitheamh 2022, an cur chuige ginearálta maidir leis an dréachtrialachán a leagtar amach in Iarscríbhinn I a dheimhniú.



PUBLIC

2022/0068 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Aontais i ndáil le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile**

PUBLIC

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 43(2), 91(1), 100(2), 173(3), 182(5), 188, 189(2) agus 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Eanáir 2020, thug an Chomhairle an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[4] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') i gcrích. Tháinig an Comhaontú sin i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

2 IO C , , lch. .
3 IO C , , lch. .
4 IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

(2) An 29 Aibreán 2021, thug an Chomhairle, thar ceann an Aontais, an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[5] (an 'Comhaontú Trádála agus Comhair') i gcrích. Bhí an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm go sealadach amhail ón 1 Eanáir 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(3) Déantar foráil sa Chomhaontú um Tharraingt Siar agus sa Chomhaontú Trádála agus Comhair araon go bhféadfaidh Páirtí bearta áirithe a ghlacadh sna cásanna sonracha agus faoi réir na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos iontu. D'fhéadfadh fionraí oibleagáidí áirithe faoin gComhaontú i dtrácht a bheith i gceist leis na bearta sin.

(4) Féadfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhaontuithe déthaobhacha eile a thabhairt i gcrích eatarthu, ar comhaontuithe iad atá ina gcomhaontuithe forlíontacha ar an gComhaontú Trádála agus Comhair agus tá na comhaontuithe forlíontacha sin ina gcuid ríthábhachtach den chaidreamh déthaobhach foriomlán de réir mar a rialaítear sa Chomhaontú seo agus tá siad ina gcuid den chreat foriomlán. Meabhraítear, i gcomhréir le hAirteagal 774(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, nach bhfuil feidhm ag an gcomhaontú sin maidir le Giobráltar ná nach bhfuil aon éifeachtaí aige sa chríoch sin.

(5) Más gá cearta an Aontais a fheidhmiú i ndáil leis an gComhaontú um Tharraingt Siar agus an Comhaontú Trádála agus Comhair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, ba cheart don Aontas a bheith in ann úsáid iomchuí a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil dó go pras agus ar bhealach comhréireach éifeachtach solúbtha, agus na Ballstáit rannpháirteach go hiomlán an tráth céanna. Ba cheart don Aontas a bheith in ann bearta iomchuí a dhéanamh freisin mura féidir dul ar iontaoibh réitigh cheangailtigh díospóidí faoi na Comhaontuithe sin ar bhealach éifeachtach toisc nach n-oibríonn an Ríocht Aontaithe i gcomhar chun an iontaoibh sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, is gá rialacha agus nósanna imeachta a leagan síos lena rialófar glacadh na mbeart sin.

(5a) Meabhraítear go bhfuil an nós imeachta chun bearta uathrialacha a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 de bhun an Rialacháin seo gan dochar d'fheidhmiú leanúnach agus buan a cuid feidhmeanna ceaptha beartais, comhordaithe agus cinnteoireachta ag an gComhairle a thugtar leis na Conarthaí a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na gComhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

[5] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.



PUBLIC

(5b) Chun éifeacht a thabhairt do na cumhachtaí in Airteagal 16(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, léirítear i gCinntí (AE) 2020/135 agus 2021/689 ón gComhairle an chinnteoireacht inmheánach maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Chomhaontaithe um Thrádáil agus um Chomhar. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann a cuid feidhmeanna ceaptha beartais, comhordaithe agus cinnteoireachta a fheidhmiú go hiomlán i ndáil leis sin, ba cheart an Chomhairle a chur ar an eolas go leanúnach ar bhonn buan agus rialta faoi chur chun feidhme na gComhaontuithe sin, lena n-áirítear na deacrachtaí uile a d'fhéadfadh teacht chun cinn, go háirithe sáruithe na gComhaontuithe sin a d'fhéadfadh a bheith ann agus cásanna eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le bearta arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo. I ndáil leis sin, ba cheart an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthúil agus go cuí maidir leis na freagairtí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don Aontas chun cur chun feidhme iomlán agus cuí na gComhaontuithe sin a áirithiú, chomh maith le hobair leantach maidir le haon bhearta a rinneadh.

(6) Ba cheart tosaíocht a bheith ag na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos leis an Rialachán seo ar aon fhoráil i ndlí an Aontais a glacadh ar bhonn an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar foráil í lena rialaítear an t-ábhar céanna.

(7) Chun a áirithiú go leanfaidh an Rialachán seo de bheith oiriúnach dá fheidhm, ba cheart don Choimisiún, laistigh de 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm, athbhreithniú a dhéanamh ar a raon feidhme agus ar a chur chun feidhme agus na torthaí uaidh sin a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

(8) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, agus go háirithe chun feidhmiú tapa éifeachtach solúbtha chearta comhfhreagracha an Aontais faoin gComhaontú um Tharraingt Siar agus faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, cé is moite de rochtain ar uiscí le haghaidh iascach, a áirithiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na bearta dá dtagraítear thuas a ghlacadh agus chun bearta lena gcuirtear srian le trádáil nó le gníomhaíochtaí eile a ghlacadh, de réir mar is iomchuí. Ba cheart na cumhachtaí sin a leathnú freisin chun leasú, fionraí nó aisghairm na mbeart arna nglacadh a chumhdach. Ba cheart iad sin a fheidhmiú i bhfianaise leas ginearálta an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Ós rud é go mbaineann glacadh gníomhartha a bhfuil raon feidhme ginearálta acu leis na bearta atá beartaithe, agus go mbaineann formhór na mbeart atá beartaithe leis na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b) den Rialachán sin, ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na bearta sin a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go gceanglaítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne chun leasanna an Aontais a chosaint ar bhealach iomchuí.

(8a) Nuair a chinnfidh an Chomhairle de bhun Airteagal 43(3) CFAE an rochtain atá ag soithí na Ríochta Aontaithe ar uiscí an Aontais le haghaidh iascach a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, ba cheart di na critéir chéanna a chur i bhfeidhm chun cuidiú le leas ginearálta an Aontais a chinneadh.

---

6 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon rialacha agus nósanna imeachta a leagan síos lena rialaítear feidhmiú chearta an Aontais faoin gComhaontú um Tharraingt Siar agus faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, agus an Coimisiún a chumhachtú na bearta is ga a ghlacadh, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, srianta ar thrádáil, infheistíocht, nó gníomhaíochtaí eile laistigh de raon feidhme an dara Comhaontú sin, agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Thairis sin, ós rud é gurb é an tAontas amháin atá ina Pháirtí sa Chomhaontú Trádála agus Comhair agus sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, is é an tAontas amháin is féidir gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an dlí idirnáisiúnta i ndáil leis na comhaontuithe sin. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha agus nósanna imeachta chun feidhmiú éifeachtach tráthúil chearta an Aontais a áirithiú i ndáil le forfheidhmiú agus le chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') agus na gcomhaontuithe forlíontacha a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na bearta seo a leanas arna nglacadh ag an Aontas (dá ngairtear an méid seo a leanas anseo feasta: 'bearta'):

(a) cóir fhabhrach ábhartha an táirge/na dtáirgí lena mbaineann a fhionraí go sealadach mar a leagtar amach in Airteagal 34 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(b) bearta leighis agus oibleagáidí a fhionraí mar a leagtar amach in Airteagal 374 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(c) bearta athchothromaithe agus frithbhearta mar a leagtar amach in Airteagal 411 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(d) údaruithe oibríochta nó ceadanna teicniúla de chuid aeriompróirí na Ríochta Aontaithe a dhiúltú, a chúlghairm, a fhionraí, a theorannú, a fhorchur nó coinníollacha a fhorchur orthu, mar aon le hoibríochtaí na n-aeriompróirí sin a dhiúltú, chúlghairm, a fhionraí agus a theorannú nó coinníollacha a fhorchur orthu mar a leagtar amach in Airteagal 434(4) agus in Airteagal 435(12) den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(e) oibleagáidí maidir le glacadh a fhionraí mar a leagtar amach in Airteagal 457 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(f) na bearta leighis a leagtar amach in Airteagal 469 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(g) bearta cúitimh, go háirithe oibleagáidí a fhionraí mar a leagtar amach in Airteagal 501 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(h) bearta leighis agus oibleagáidí a fhionraí mar a leagtar amach in Airteagal 506 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(i) cur i bhfeidhm Phrótacal I a fhionraí nó a fhoirceannadh, maidir le clár amháin nó níos mó de chuid an Aontais arna nglacadh ar bhonn an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó codanna de, mar a leagtar amach in Airteagail 718 agus 719 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(j) cúiteamh sealadach a thairiscint nó glacadh leis nó oibleagáidí a fhionraí i gcomhthéacs comhlíonadh tar éis nós imeachta eadrána nó painéil saineolaithe faoi Airteagal 749 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(k) bearta coimirce agus na bearta athchothromaithe a leagtar amach in Airteagal 773 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;

(l) bearta lena gcuirtear srian ar thrádáil, ar infheistíocht nó ar ghníomhaíochtaí eile a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, mura féidir breithniú a dhéanamh toisc nach bhfuil na bearta is gá á ndéanamh ag an Ríocht Aontaithe chun nós imeachta um réiteach díospóidí faoin gComhaontú sin nó faoin gComhaontú um Tharraingt Siar a fheidhmiú, lena n-áirítear moill mhíchuí a chur ar na himeachtaí, rud is ionann agus neamh-chomhar sa phróiseas;

(m) oibleagáidí faoi Airteagal 178 den Chomhaontú um Tharraingt Siar a fhionraí i gcomhthéacs chomhlíonadh an rialaithe ón bpainéal eadrána;

PUBLIC

(n) bearta leighis a leagtar amach in Airteagal 13 den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar;

(o) bearta coimirce agus na bearta athchothromaithe a leagtar amach in Airteagal 16 den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar.

PUBLIC

*Airteagal 2*
*Feidhmiú chearta an Aontais*

1. Cumhachtófar an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo a ghlacadh, cé is moite de bhearta a bhaineann le rochtain ar uiscí le haghaidh iascach faoi Airteagail 501 agus 506 den Chomhaontú Trádála agus Comhair; agus

   (b) i gcás ina mbaineann an beart le hoibleagáid faoi aon cheann de na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a fhionraí, srianta iomchuí a fhorchur ar thrádáil, ar infheistíocht nó ar ghníomhaíochtaí eile laistigh de raon feidhme an chomhaontaithe lena mbaineann, rud a mbeadh bac air de thoradh na hoibleagáide fionraithe.

   Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú agus, i gcás inarb iomchuí, sonrófar iontu an fad a mhairfidh na bearta arna nglacadh.

2. Agus na gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh ag an gCoimisiún de bhun mhír 1, cuirfidh sé san áireamh éifeachtacht na mbeart chun an Ríocht Aontaithe a spreagadh na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus aon chritéir shonracha arna mbunú sna comhaontuithe sin i dtaca leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chomhlíonadh.

3. Cumhachtófar don Choimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a leasú, a fhionraí nó a aisghairm trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. I gcás inarb iomchuí, sonrófar sna gníomhartha cur chun feidhme sin fad na fionraí.

4. I gcás ina mbeidh ábhar imní ar leith ann do Bhallstát amháin nó níos mó, féadfaidh an Ballstát sin nó na Ballstáit sin a iarraidh ar an gCoimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a ghlacadh. Mura dtabharfaidh an Coimisiún freagairt dhearfach ar iarraidh den sórt sin, cuirfidh sé na cúiseanna atá aige in iúl don Chomhairle go tráthúil.

5. I gcás, de bharr éagsúlachtaí suntasacha seasta, ina maireann bearta athchothromaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (c), den Rialachán seo ar feadh níos mó ná bliain amháin, féadfaidh Ballstát amháin nó níos mó a iarraidh ar an gCoimisiún an clásal athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagal 411 den Chomhaontú Trádála agus Comhair a ghníomhachtú. Scrúdóidh an Coimisiún an iarraidh sin go tráthúil agus breithneoidh sé an t-ábhar sin a chur os comhair na Comhairle Comhpháirtíochta de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair. Mura dtabharfaidh an Coimisiún freagairt dhearfach ar iarraidh den sórt sin, cuirfidh sé na cúiseanna atá aige in iúl don Chomhairle go tráthúil.

6. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(2).

7. Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3).

8. Nuair a chinnfidh an Chomhairle de bhun Airteagail 501 agus 506 den Chomhaontú Trádála agus Comhair an rochtain atá ag soithí na Ríochta Aontaithe ar uiscí an Aontais le haghaidh iascach a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, cuirfidh sí na critéir a leagtar amach i mír 2 i bhfeidhm.

*Airteagal 3*
*An nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste na Ríochta Aontaithe cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

*Airteagal 4*
*An bhaint le forálacha eile de chuid dhlí an Aontais*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo d'ainneoin aon fhoráil i ndlí an Aontais a glacadh ar bhonn an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar foráil í lena rialaítear an t-ábhar céanna.

*Airteagal 5*
*Athbhreithniú*

Faoi [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.



PUBLIC

*Airteagal 6*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

PUBLIC

PUBLIC

**Dréacht-Ráiteas ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme bearta uathrialacha faoin gComhaontú um Tharraingt Siar agus faoin gComhaontú Trádála agus Comhair**

Meabhraítear go bhfuil na nósanna imeachta chun bearta uathrialacha a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 de bhun Rialachán XXXX/2022 [Rialachán CFAE] agus Rialachán XXXX/2022 [Rialachán EURATOM] gan dochar d'fheidhmiú leanúnach agus buan a cuid feidhmeanna ceaptha beartais, comhordaithe agus cinnteoireachta ag an gComhairle a thugtar leis na Conarthaí a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na gComhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

I ndáil leis sin, i gcomhréir leis an Ráiteas ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le faireachán a dhéanamh ar an gComhaontú Trádála agus Comhair agus maidir lena chur chun feidhme[7], coinneoidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas go tráthúil agus i bhfad sula dtitfeadh aon rud amach as a bhféadfadh staideanna a eascairt dá dteastódh bearta uathrialaitheacha arna rialú ag Rialachán XXXX/2022 [Rialachán CFAE] agus Rialachán XXXX/2022 [Rialachán EURATOM] a ghlacadh, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann den pháirt eile.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh sa tslí chéanna maidir le haon rud a thitfeadh amach as a bhféadfadh staideanna a eascairt dá dteastódh bearta uathrialacha a ghlacadh arna rialú ag Rialachán XXXX/2022 [Rialachán CFAE], faoin gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

---

7 ST 7888/21 ADD 1 Iarscríbhinn 2.